

# An Scéal ó Pháirc Naomh Fionán

## Iris CLG Chloich Cheann Fhaola 2022

# Eagaralt

Tá lúcháir orm an chéad eagrán seo d'iris CLG Chloich Cheann Fhaola a chur i bhur láthair i mbliana agus 2022 ag teacht chun críche. Bíonn go leor rudaí ag tarlú sa chlub i rith na bliana agus is éard atá i gceist leis an iris nó súil siar a chaitheadh ar imeachtaí na bliana sula dtabharfaidh muid aghaidh ar 2023. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh liom an iris seo a ullmhú agus a chur le chéile. Táim fíorbhuíoch do na bainisteoirí uilig as eolas a chur ar fáil dom agus d'Uachtarán an chlub, an tAthair Seán Ó Gallchóir agus Danny Rua Ó Gallachóir as ailt thar a bheith suimiúla a scríobh don eagrán seo.

Tá súil agam go raibh Nollaig mhór mhaith agaibh uilig agus guím bliain úr faoi mhaise oraibh féin uilig agus ar bhur gcuid teaghlaigh.

*- Conor Ó Gallachóir*

*Eagarthóir*

# Coiste Feidhmiúcháin 2022

Uachtarán: An tAthair Seán Ó Gallchóir

Leas-Uachtarán: Seosamh Ó Dubhchóin

Cathaoirleach: Seosamh Mac Gairbheith

Leaschathaoirleach: Máirtín Ó Coileáin

Rúnaí: Nóra Nic Gearailt

Leasrúnaí: Ciarán Ó Coileáin

Cisteoir: Ciarán Mac Gairbheith

Leaschisteoir: Michael Mac Pháidín

Oifigeach Caidreamh Poiblí: Conor Ó Gallachóir

Oifigeach Forbartha: Máirtín Ó Dúgáin

Oifigeach Leanaí: Denise Ní Laoire Uí Cheallaigh

Oifigeach Cultúrtha agus Teanga: Conor Ó Gallachóir

Oifigeach Club Shláintiúil: Amy Ní hEarcáin

Toscairí Bhord na Condae: Donnchadh Ó Dubhchóin & Blaine Ó Maolagáin

Oifigeach COVID: Donna Uí Ghallachóir

# Focal ón Chathaoirleach

Cé nár bhain muid cupaí ar bith ag leibhéal na sinsear i mbliana, bhí bliain mheasartha againn ar an pháirc faoi stiúir Mhicheáil Uí Loinsigh agus chríochnaigh muid i lár an tábla sa tsraith agus cé go raibh grúpa iontach deacair againn sa chraobh, d'éirigh linn fanacht ann. Ba mhaith liom buíochas ollmhór a thabhairt do Mhicheál agus a fhoireann as a ndíogras agus a gcuid oibre uilig. Mar is eol daoibh d'éirigh Micheál as  mar bhainisteoir ag deireadh na bliana agus thar ceann gach duine ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis féin agus a fhoireann as an obair uilig atá déanta acu le cúpla bliain anuas. Ba é Gearóid Mac Uidhir a bhí i gceannas ar na sóisir i mbliana agus d'éirigh leo fáil chomh fada le cluiche ceathrú ceannais na craoibhe agus tá buíochas mór tuillte ag Gearóid agus a fhoireann bainistíochta as a saothar. D'éirigh leis an fhoireann Faoi 21 amhlaidh a dhéanamh faoi stiúir Chaoimhín Uí Scanláin agus ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh buíochas a ghabháil le Caoimhín agus a fhoireann uilig. Thar ceann an chlub ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach imreoir a rinne ionadaíochta don chlub agus na himreoirí sin a rinne ionadaíochta don chlub ag leibhéal idirchontae.

Tá muid iontach buíoch dár bpríomhurraitheoir, M&N Civils agus do Batch a dhéanann urraíocht ar éide an chlub le cois iad seo a leanas as a dtacaíocht leanúnach, Thomas McClafferty, Tony McFadden, Shane Mc Gee, ProAmpac agus Brendan Kelly.

Tréaslaím leis na foirne faoi aois uilig a chuaigh chun páirce i mbliana agus iad sin uilig a bhí buacach agus a thug cupaí abhaile. Táim buíoch fosta do Bhord na nÓg agus do Bhord na mBan as an obair mhór mhaith uilig a rinne siad i mbliana agus as a gcomhoibriú i gcónaí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhofigigh uilig as a gcomhoibriú agus as a gcuid oibre uilig i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas speisialta a thabhairt daofa seo a leanas as a saothar: Mary Mhic Laifeartaigh a bhíonn i mbun an tae agus an tsiopa ag cluichí, ár gcuid oibrithe ar na scéimeanna éagsúla, Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola as úsáid na páirce, Eibhlín Uí Scanláin a bhíonn ag plé le cúrsaí árachais an chlub, George Montgomery, réiteoir an chlub, Michael Mac Pháidín a bhíonn ar an gheafta ag na cluichí agus Eamon Dolan a bhíonn i mbun cúrsaí tráchta agus coiste Ionad Naomh Fionán as an halla a chur ar fáil dúinn i rith na bliana agus gach duine a thacaigh agus a chuidigh linn mar chlub. Go raibh míle maith agaibh.

Ar deireadh, ba mhaith liom gach ádh a ghuí ar an choiste úr don bhliain amach rompu agus tá súil agam go raibh Nollaig dheas agus go mbeidh bliain úr faoi mhaise agaibh féin agus bhur gcuid teaghlaigh.

# Focal ón Chathaoirleach

Although we didn't bring any silverware home this year at senior level we had a decent season under the guidance of Michael Lynch and we finished mid table in the league and although we had a very tough group in the senior championship, we survived. As you all know, Michael stepped down at the end of the season after many years at the helm and involved with senior management and I'd like to thank Michael and his team for their dedication and work throughout the year and over the last number of years. Gerard Maguire managed our reserve team this year and they got to the championship quarter final and I'd like to thank Gerard and his backroom team for all their work. The Under 21 team also got to the quarter final stage in their respective championship under the guidance of Kevin Scanlon and I'd like to thank Kevin and his team also. On behalf of the club I'd like to thank every player who represented the club throughout the year and also those who represented the club at inter-county level.

We are very grateful to our main sponsor, M&N Civils and our leisurewear sponsor, Batch along with the following for their continued sponsorship and support, Thomas McClafferty, Tony McFadden, Shane Mc Gee, ProAmpac and Brendan Kelly.

I congratulate all the underage teams who played this year and all those who had a successful year and brought silverware home. I'm grateful also to Bord na nÓg and the Ladies Board for the good work they done all year and their cooperation. I would like to thank my fellow officers for their cooperation and work throughout the year. I would like to say a special thank you to the following: Mary McClafferty who looks after the tea and the shop on match days, our scheme workers, Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola for the use of their facilities, Eibhlín Uí Scanláin, our insurance officer, George Montgomery, our club referee, Michael Mc Fadden who does the gate and Eamon Dolan who does the traffic on match days and the Ionad Naomh Fionán committee for always making the hall available to us throughout the year and everyone who helped and supported us throughout the year. Go raibh míle maith agaibh.

Finally I would like to wish the incoming committee all the best for the coming year and I hope you all had a nice Christmas and wish you and your families a very happy New Year.

*- Seosamh Mac Gairbheith*

# Sinsir CLG Chloich Cheann Fhaola



## An tSraith Roinn 1A

Trí fhoireann déag a bhí páirteach i Sraith Dhún na nGall Roinn a 1 sa bhliain 2022. Bhí dhá chluiche déag ag gach foireann – sé cinn sa bhaile, sé cinn as baile. Ní raibh na himreoirí contae ar fáil gur fhág Dún na nGall slán leis an Chraobh nuair a bhuail Ard Mhacha iad ar an 12ú Meitheamh. Thosaigh Sraith na gclub ar an 3ú Aibreán agus mhair sí go lár mhí Iúil. Bhí a fhios ag Cloich Cheann Fhaola ón tús go mbeadh a sáith ós a gcoinne fanacht slán i Roinn a 1 agus trí fhoireann le dícháiliú ag deireadh na Sraithe.

Níor chuir Cloich Cheann Fhaola tús ró-mhaith leis an fheachtas. Chaill siad a gcéad chluiche baile in éadan Ghleann Fhinne agus a gcéad chluiche as baile i mBéal Átha Seanaidh. Chríochnaigh siad ar chomhscór le Bun Dobhráin i bPáirc Naomh Fionán. Pointe amháin sraithe i ndiaidh trí chluiche! Tháinig siad chucu féin ansin le buaidheannaí maithe ar an Tearmann agus sa bhaile in éadan Chill Chartha. Ach ansin chaill Cloich Cheann Fhaola ceithre chluiche i ndiaidh a chéile – i nGleann tSúilí agus i Machaire Gáthláin agus dhá cheann sa bhaile – in éadan Naomh Adhamhnán agus Naomh Conaill. Bhí droch-chuma ar rudaí go háirithe nuair a fuair Gaoth Dobhair 4-15 agus Naomh Conaill 5-14 ina n-éadan. Ach, lena gceart a thabhairt do Chloich Cheann Fhaola, chríochnaigh siad go láidir le buaidh sa bhaile ar Ard a' Rátha agus as baile ar Naomh Mícheál agus ar Na Cealla Beaga. Bhí siad slán sábháilte agus creidiúint mhór ag 'ul do Mhícheál Ó Loinsigh agus dá fhoireann.

## An Tábla Deiridh

| | | Cluichí | Pointí |
|---|---|---|---|
| **1** | Naomh Conaill | 12 | 21 |
| **2** | Chill Chartha | 12 | 20 |
| **3** | Aodh Ruadh BÁS | 12 | 18 |
| **4** | Naomh Adhamhnán | 12 | 17 |
| **5** | Gleann Fhinne | 12 | 15 |
| **6** | Gaoth Dobhair | 12 | 14 |
| **7** | Cloich Cheann Fhaola | 12 | 11 |
| **8** | Bun Dobhráin | 12 | 10 |
| **9** | Naomh Mícheál | 12 | 10 |
| **10** | Gleann tSúilí | 12 | 8 |
| **11** | Na Cealla Beaga | 12 | 6 |
| **12** | Ard a' Rátha | 12 | 5 |
| **13** | An Tearmann | 12 | 1 |

*Bhuail Cill Chartha, Naomh Conaill i gcluiche ceannais na Sraithe agus díchdáilíodh An Tearmann, Ard a' Rátha agus Gleann tSúilí.

**1**

**3ú Aibreán 2022** **Páirc Naomh Fionán**

**Cloich Cheann Fhaola 0-6 Gleann Fhinne 1-12**

Seán Mac Laifeartaigh

Noel Mac Suibhne (0-1) Mícheál Mac Gearailt Fionn Mac Fhionnghaile

Lee Ó Briain Ciarán Mac Pháidín Cian Mac Pháidín

Mark Mac Thoirealaigh Seán Ó Cuireáin

Conor Mac Giolla Chomhaill (0-1) Cathal Mac Íomhair Cillian Ó Gallchóir

Blake Mac Gairbheith Ciarán Ó Scanláin Ciarán Ó Colla (0-3)

Fir ionaid: Diarmuid Mac Giolla Chomhaill (0-1), Seán Ó Géanaigh, Pól Mac Suibhne, Cian Ó Dúgáin.

*Ba é Seán Mac a' Bhaird (1-5) is mó a rinne scrios.

## 2

**10ú Aibreán 2022** **Béal Átha Seanaidh**

**Aodh Ruadh 1-13** **Cloich Cheann Fhaola 0-6**

Mícheál Mac Fhionnghaile

Noel Mac Suibhne Cian Mac Pháidín Mícheál Mac Gearailt

Ciarán Mac Pháidín Seán Ó Cuireáin (0-3) Lee Ó Briain (0-1)

Mark Mac Thoirealaigh Conor Mac Giolla Chomhaill

Ciarán Ó Scanláin Blake Mac Gairbheith Diarmuid Mac Giolla Chomhaill

Seán Mac Uidhir (0-1) Pól Mac Suibhne (0-1) Cillian Ó Gallchóir

Fir ionaid: Ciarán Mac Géidigh, Mícheál Ó Maoilchiaráin, Cian Ó Dúgáin.

*Bhí tús maith ag Cloich Cheannfhaola – 0-3/0-1 chun tosaigh – ach bhí siad 40 bomaite ansin gan scór a fháil.

## 3

**16ú Aibreán 2022** **Páirc Naomh Fionán**

**Cloich Cheann Fhaola 1-12** **Réalt na Mara, Bun Dobhráin 0-15**

Mícheál Mac Fhionnghaile

Noel Mac Suibhne Cian Mac Pháidín Fionn Mac Fhionnghaile

Mícheál Mac Gearailt (0-1) Seán Ó Cuireáin Ciarán Mac Pháidín

Mark Mac Thoirealaigh Máirtín Mac Uidhir

Conor Mac Giolla Chomhaill (0-2) Seán Mac Gearailt (1-4) Ciarán Mac Géidigh (0-1)

Cillian Ó Gallchóir (0-2) Ciarán Ó Scanláin Blake Mac Gairbheith (0-2)

Fir ionaid: Cathal Mac Íomhair, Mícheál Ó Maoilchiaráin.

*Bhí an cluiche idir dhá cheann na meá ó thús go deireadh. Cloich Cheann Fhaola tosaigh 0-8/0-7 ag leath-ama.

## 4

**23ú Aibreán 2022** **An Tearmann**

**An Tearmann 0-10** **Cloich Cheann Fhaola 2-11**

Séan Mac Laifeartaigh

Noel Mac Suibhne | Seán Ó Cuireáin | Fionn Mac Fhionnghaile

Cian Mac Pháidín | Mícheál Mac Gearailt (0-1) | Ciarán Mac Pháidín

Lee Ó Briain (0-1) | Mark Mac Thoirealaigh

Máirtín Mac Uidhir (0-1) | Seán Mac Gearailt (0-2) | Ciarán Mac Géidigh (0-1)

Cillian Ó Gallchóir (1-0) | Ciarán Ó Scanláin (1-2) | Blake Mac Gairbheith (0-3)

Fir ionaid: Mícheál Ó Maoilchiaráin, Conor Mac Giolla Chomhaill, Ciarán Ó Colla.

*Thoisigh Cloich Cheann Fhaola ar luas reatha le cúl agus sé phointe sular scóráil An Tearmann.

## 5

**7ú Bealtaine 2022** **Paírc Naomh Fionán**

**Cloich Cheann Fhaola 3-12** **Cill Chartha 1-13**

Seán Mac Laifeartaigh

Noel Mac Suibhne | Seán Ó Cuireáin (0-3) | Fionn Mac Fhionnghaile

Ciarán Mac Pháidín | Mícheál Mac Gearailt | Cian Mac Pháidín

Mark Mac Thoirealaigh | Cathal Mac Íomhair

Máirtín Mac Udhir (0-1) | Seán Mac Gearailt (0-2) | Ciarán Mac Géidigh (0-2)

Seán Mac Udhir (0-2) | Ciarán Ó Scanláin (1-0) | Cillian Ó Gallchóir (2-2)

Fear ionaid: Diarmuid Mac Giolla Chomhaill.

*Fuair Cillian Ó Gallchóir dhá chúl sa chéad leath agus rinne Cloich Cheann Fhaola cosaint éifeachtach ansin.

## 6

**22ú Bealtaine 2022** **Gleann tSúilí**

**Gleann tSúilí 1-17** **Cloich Cheann Fhaola 2-9**

Seán Mac Laifeartaigh (0-1)

Noel Mac Suibhne Seán Ó Cuireáin (0-1) Fionn Mac Fhionnghaile

Cian Mac Pháidín Mícheál Mac Gearailt Ciarán Mac Pháidín

Mark Mac Thoirealaigh Máirtín Mac Uidhir

Ciarán Mac Géidigh Seán Mac Gearailt (0-4) Conor Mac Giolla Chomhaill

Cillian Ó Gallchóir (2-2) Ciarán Ó Scanláin Seán Mac Uidhir (0-1)

Fir ionaid: Blake Mac Gairbheith, Lee Ó Briain, Cathal Mac Íomhair.

*Ba é duine de shean-fhundúirí Ghleann tSúilí – Gary Mac Pháidín – laoch na himeartha do Ghleann tSúilí.

## 7

**4ú Meitheamh 2022** **Machaire Gathláin**

**Gaoth Dobhair 4-15** **Cloich Cheann Fhaola 1-8**

Seán Mac Laifeartaigh

Ciarán Mac Géidigh (1-1) Seán Ó Cuireáin (0-4) Fionn Mac Fhionnghaile

Cian Mac Pháidín (0-1) Mícheál Mac Gearailt Noel Mac Suibhne

Lee Ó Briain Mark Mac Thoirealaigh

Máirtín Mac Uidhir Seán Mac Gearailt Conor Mac Giolla Chomhaill

Cillian Ó Gallchoír (0-1) Ciarán Ó Scanláin Seán Mac Uidhir (0-1)

Fir ionaid: Mícheál Ó Maoilchiaráin, Cathal Mac Íomhair, Pól Mac Suibhne, Ciarán Ó Colla.

*Bhí Gaoth Dobhair chun tosaigh ó thús go deireadh – 2-8/1-3 ag leath-ama.

## 8

**11ú Meitheamh 2022** **Páirc Naomh Fionán**

**Cloich Cheann Fhaola 2-7 Naomh Adhamhnáin 1-15**

Seán Mac Laifeartaigh (0-1)

Noel Mac Suibhne Lee Ó Briain Fionn Mac Fhionnghaile

Cian Mac Pháidín Seán Ó Cuireáin (0-1) Ciarán Mac Géidigh

Mark Mac Thoirealaigh Cathal Mac Íomhair

Conor Mac Giolla Chomhaill Blake Mac Gairbheith (0-1) Máirtín Mac Uidhir (1-0)

Seán Mac Gearailt (0-2) Ciarán Ó Scanláin Seán Mac Uidhir (1-2)

Fear ionaid: Pól Mac Suibhne.

*Rinne Naomh Adhamhnáin an damáiste ag tús an dara leatha nuair a fuair siad 1-5 i ndeich bomaite.

## 9

**17ú Meitheamh 2022** **Páirc Naomh Fionán**

**Cloich Cheann Fhaola 0-6 Naomh Conaill 5-14**

Seán Mac Laifeartaigh

Noel Mac Suibhne Lee Ó Briain Fionn Mac Fhionnghaile

Cian Mac Pháidín Mícheál Mac Gearailt Seán Ó Cuireáin (0-1)

Jason Mac Aoidh (0-1) Mark Mac Thoirealaigh

Máirtín Mac Uidhir Seán Mac Gearailt Cillian Ó Gallchóir (0-1)

Blake Mac Gairbheith (0-1) Ciarán Ó Scanláin Seán Mac Uidhir

Fir ionaid: Pól Mac Suibhne, Ciarán Mac Géidigh, Ciarán Ó Colla (0-1), Mícheál Ó Maoilchiaráin (0-1).

*Bhí Jason Mac Aoidh ar ais ó phainéal Dhún na nGall ach bhí Ciarán Mac Thomáis, Jeaic Mac Ceallabhuí agus Ethan Ó Dónaill ar ais ag Naomh Conaill agus Cloich Cheann Fhaola i dtrioblóid anois i ndiaidh ceithre cluiche a chailleadh i ndiaidh a chéile.

## 10

**19ú Meitheamh 2022** **An Droichead**

**Naomh Mícheál 1-10** **Cloich Cheann Fhaola 1-11**

Seán Mac Laifeartaigh

Noel Mac Suibhne Lee Ó Briain (0-2) Ciarán Mac Géidigh

Mícheál Ó Maoilchiaráin Mícheál Mac Gearailt Cian Mac Pháidín

Jason Mac Aoidh (0-1) Seán Ó Cuireáin (0-3)

Máirtín Mac Uidhir Blake Mac Gairbheith (0-4) Cathal Mac Íomhair

Seán Mac Gearailt Ciarán Ó Scanláin Seán Mac Uidhir

Fir ionaid: Cillian Ó Gallchóir (0-1), Pól Mac Suibhne (1-0), Ciarán Mac Pháidín, Ciarán Ó Colla.

*Casann an taoide ag an Droichead. Bhí Cloich Cheann Fhaola trí phointe chun deiridh sa dara leath ach throid siad leo gur bhain pointe breá ó Sheán Ó Cuireáin an lá.

## 11

**25ú Meitheamh 2022** **Páirc Naomh Fionán**

**Cloich Cheann Fhaola 1-10** **Ard a' Rátha 2-6**

Seán Mac Laifeartaigh

Noel Mac Suibhne Lee Ó Briain Ciarán Mac Pháidín (0-2)

Cian Mac Pháidín Mícheál Mac Gearailt Seán Ó Cuireáin (0-1)

Jason Mac Aoidh (0-1) Cathal Mac Íomhair

Máirtín Mac Uidhir Blake Mac Gairbheith (0-4) Ciarán Mac Géidigh

Seán Mac Uidhir (1-1) Ciarán Ó Scanláin Cillian Ó Gallchóir.

Fir ionaid: Conor Mac Giolla Chomhaill, Darren Mac Íomhair, Ciarán Ó Colla (0-1).

*Bhí Cloich Cheann Fhaola naoi bpointe chun tosaigh ag leath-ama ach ní raibh mórán le spáráil acu ag deireadh an lae.

12

**10ú Iúil 2022** **Na Cealla Beaga**

**Na Cealla Beaga 1-8 Cloich Cheann Fhaola 1-13**

Seán Mac Laifeartaigh

Noel Mac Suibhne Lee Ó Briain Ciarán Mac Pháidín

Conor Mac Giolla Chomhaill Mícheál Mac Gearailt Cian Mac Pháidín

Cathal Mac Íomhair Darren Mac Íomhair (0-2)

Máirtín Mac Uidhir (0-1) Jason Mac Aoidh Ciarán Mac Géidigh

Seán Mac Uidhir (0-2) Ciarán Ó Scanláin (1-2) Blake Mac Gairbheith (0-4)

*Ba mhór an gar go raibh Eoghan Bán Ó Gallchóir agus Aodh Mac Pháidín as láthair. Bhí Cloich Cheann Fhaola slán i Roinn a 1.

## An Chraobh Sinsear

Thoisigh an Chraobh ar dheireadh seachtaine na Féil' Muire. Sé fhoireann déag a bhíos páirteach i gCraobh na Sinsear. Imríonn gach foireann ceithre chluiche i dtús báire (córas casta go leor atá ann!). I ndiaidh na gceithre cluichí sin, téann an ocht fhoireann is mó pointí fríd go dtí na cluichí ceathrú – ceannais. Bíonn cluichí eile le himirt ag na ceithre foirne is lú pointí lena shocrú cén fhoireann atá le dícháiliú go dtí Craobh Idirmheánach na bliana dár gcionn. Agus bíonn an séasúr thart ag na ceithre foirne i lár an tábla agus iad slán sa Chraobh shinsireach bliain eile.

Bhí tábhacht ar leith le céad chluiche Chloich Cheann Fhaola agus iad as baile in éadan Na Ceithre Máistrí, ceann dena ceithre foirne as Roinn a 2 na Sraithe a bhí páirteach sa Chraobh shinsireach. Bhí Cloich Cheann Fhaola ag dúil le buaidh i mBaile Dhún na nGall. Ní bhfuair siad an bhuaidh sin ach chríochnaigh siad ar chomhscór agus ba é an pointe sin a ghnóthaigh siad i bPáirc Thír Chonaill a choinnigh slán sa Chraobh Shinsireach iad bliain eile. Chaill Cloich Cheann Fhaola an dara agus an tríú cluiche Craoibhe in éadan Chill Chartha agus Naomh Adhamhnán, fá seach. Bhí an ceathrú cluiche sa bhaile in éadan na gCealla Beaga. Bhí Cloich Cheann Fhaola ar aon phointe agus cúig fhoireann gan aon phointe – Gleann Fhinne, Baile na nGallóglach, Ard a' Rátha, Bun Dobhráin agus Naomh Náille. Dá gcaillfeadh Cloich Cheann Fhaola in éadan na gCealla Beaga agus dá mbainfeadh dhá cheann dena foirne a bhí gan pointe bheadh Cloich Cheann Fhaola sna babhtaí dícháilithe. Chaill Cloich Cheann Fhaola in éadan na gCealla Beaga agus bhí an t-ádh dearg orthu gurb iad Gleann Fhinne an t-aon cheann dena foirne-gan-pointe a bhain. Bhí Cloich Cheann Fhaola slán agus Mícheál Ó Loinsigh, Dónall Ó Cuireáin, Marc Ó Baolláin, Caoimhín Ó Scanláin agus a gcúntóirí agus a n-imreoirí sásta.

## 1

**13ú Lúnasa 2022** **Páirc Thír Chonaill**

**Na Ceithre Máistrí 2-7 Cloich Cheann Fhaola 1-10**

Seán Mac Laifeartaigh

Noel Mac Suibhne | Lee Ó Briain | Ciarán Mac Pháidín

Cian Mac Pháidín | Mícheál Mac Gearailt | Seán Ó Cuireáin (0-1)

Ciarán Ó Scanláin | Darren Mac Íomhair (0-1)

Máirtín Mac Uidhir (0-1). | Conor Mac Giolla Chomhaill | Seán Mac Gearailt (0-1)

Seán Mac Uidhir | Jason Mac Aoidh (0-4) | Blake Mac Gairbheith (0-1)

Fir ionaid: Cillian Ó Gallchóir (1-0), Mark Mac Thoirealaigh (0-1), Cathal Mac Íomhair, Pól Mac Suibhne.

*Bhí an cluiche idir dhá cheann na meá ó thús go deireadh. Bhí Cloich Cheann Fhaola 1-9/1-6 chun tosaigh sa dara leath. Fuair David Crawford cúl agus pointe ansin dona Máistrí ach shábháil pointe Jason Cloich Cheann Fhaola.

## 2

**21ú Lúnasa 2022** **Páirc Naomh Fionán**

**Cloich Cheann Fhaola 0-7 Cill Chartha 1-19**

Seán Mac Laifeartaigh

Conor Mac Giolla Chomhaill (0-1) | Lee Ó Briain | Fionn Mac Fhionnghaile

Cian Mac Pháidín | Ciarán Ó Scanláin | Seán Ó Cuireáin (0-1)

Mark Mac Thoirealaigh | Darren Mac Íomhair

Ciarán Mac Pháidín | Máirtín Mac Uidhir | Mícheál Mac Gearailt

Blake Mac Gairbheith (0-1) | Jason Mac Aoidh (0-4) | Seán Mac Uidhir

Fir ionaid: Ciarán Mac Géidigh, Pól Mac Suibhne, Cathal Mac Íomhair, Noel Mac Suibhne.

Thoisigh Cill Chartha ar nós na gaoithe. Bhí siad 0-13/0-4 chun tosaigh ag leath-ama agus bearna mhór idir na foirne.

3

**28ú Lúnasa 2022** **Páirc Uí Dhónaill**

**Naomh Adhamhnáin 1-20** **Cloich Cheann Fhaola 2-7**

Seán Mac Laifeartaigh

Fionn Mac Fhionnghaile Lee Ó Briain Ciarán Mac Pháidín

Cian Mac Pháidín Mícheál Mac Gearailt Seán Ó Cuireáin (0-3)

Darren Mac Íomhair Máirtín Mac Uidhir

Conor Mac Giolla Chomhaill Blake Mac Gairbheith (1-0) Ciarán Mac Géidigh

Pól Mac Suibhne (1-1) Jason Mac Aoidh (0-2) Mark Mac Thoirealaigh (0-1)

Fir ionaid: Cillian Ó Gallchóir, Cathal Mac Íomhair, Seán Mac Uidhir, Ciarán Ó Scanláin.

*Fuair Eoin Mac Gaoithín ocht bpointe agus Conor Ó Dónaill cúig cinn d'fhoireann láidir Naomh Adhamhnáin.

4

**4ú Meán Fómhair 2022** **Páirc Naomh Fionán**

**Cloich Cheann Fhaola 0-13** **Na Cealla Beaga 3-13**

Seán Mac Laifeartaigh

Ciarán Mac Pháidín Lee Ó Briain (0-1) Fionn Mac Fhionnghaile

Cian Mac Pháidín Mícheál Mac Gearailt Seán Ó Cuireáin (0-2)

Pól Mac Suibhne (0-1) Darren Mac Íomhair

Conor Mac Giolla Chomhaill. Mark Mac Thoirealaigh (0-1) Ciarán Mac Géidigh (0-1)

Cillian Ó Gallchóir (0-1) Jason Mac Aoidh (0-3) Blake Mac Gairbheith (0-2)

Fir ionaid: Máirtín Mac Uidhir, Seán Mac Gearailt (0-1), Ciarán Ó Scanláin, Cathal Mac Íomhair.

*Bhí taispeántas Aodh Mhic Pháidín (1-7) agus cúil thráthúla tábhachtach sa chluiche seo a bhí breá cothrom go dtí an ceathrú deireannach.

# Cluichí Chloich Cheann Fhaola 2022

| | Cluichí | Bua | Caill | Cothrom |
|---|---|---|---|---|
| **An tSraith** | 12 | 5 | 6 | 1 |
| **An Chraobh** | 4 | - | 3 | 1 |
| **Iomlán** | 16 | 5 | 9 | 2 |

## Cluichí a himríodh

16 - Cian Mac Pháidín, Ciarán Ó Scanláin

15 - Mícheál Mac Gearailt, Seán Ó Cuireáin

14 - Seán Mac Laifeartaigh, Noel Mac Suibhne, Lee Ó Briain, Blake Mac Gairbheith, Ciarán Mac Géidigh, Máirtín Mac Uidhir

Líon Imreoirí: 27

## Príomhscórálaithe

| | | Sraith | Craobh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **28** | Cillian Ó Gallachóir | 5-9 | 1-1 | 6-10 |
| **26** | Blake Mac Gairbheith | 0-19 | 1-4 | 1-23 |
| **23** | Seán Ó Cuireáin | 0-16 | 0-7 | 0-23 |
| **20** | Seán Mac Gearailt | 1-15 | 0-2 | 1-17 |
| **16** | Jason Mac Aoidh | 0-3 | 0-13 | 0-16 |
| **16** | Seán Mac Uidhir | 2-10 | - | 2-10 |

*- An tAthair Seán Ó Gallchóir*

M&N
Civil Engineering Ltd

# Sóisir CLG Chloich Cheann Fhaola



## An tSraith Roinn 1B - An Tábla Deiridh

| | | Cluichí | Pointí |
|---|---|---|---|
| **1** | Naomh Conaill | 11 | 17 |
| **2** | Gleann tSúilí | 11 | 17 |
| **3** | Aodh Ruadh BÁS | 11 | 16 |
| **4** | Gaoth Dobhair | 11 | 16 |
| **5** | Gleann Fhinne | 11 | 15 |
| **6** | Naomh Adhamhnáin | 11 | 15 |
| **7** | Ard a'Rátha | 11 | 7 |
| **8** | Cill Chartha | 11 | 7 |
| **9** | Cloich Cheann Fhaola | 11 | 7 |
| **10** | Naomh Mícheál | 11 | 6 |
| **11** | Na Cealla Beaga | 11 | 5 |
| **12** | An Tearmann | 11 | 4 |

## Na Torthaí - Cluiche ar chluiche

| Dáta | Ionad | Foireann Baile | | Na Cuairteoirí | |
|---|---|---|---|---|---|
| 3/4/2022 | Páirc Naomh Fionán | Cloich Cheann Fhaola | 1-5 | Gleann Fhinne | 3-9 |
| 23/4/2022 | An Tearmann | An Tearmann | 2-9 | Cloich Cheann Fhaola | 0-10 |
| 7/5/2022 | Páirc Naomh Fionán | Cloich Cheann Fhaola | 2-13 | Cill Chartha | 1-11 |
| 22/5/2022 | Páirc Naomh Columba | Gleann tSúilí | 2-13 | Cloich Cheann Fhaola | 2-6 |
| 4/6/2022 | Machaire Gathlán | Gaoth Dobhair | 3-10 | Cloich Cheann Fhaola | 1-9 |
| 11/6/2022 | Páirc Naomh Fionán | Cloich Cheann Fhaola | 3-10 | Naomh Adhamhnáin | 3-10 |
| 17/6/2022 | Páirc Naomh Fionán | Cloich Cheann Fhaola | 1-3 | Naomh Conaill | 5-16 |
| 19/6/2022 | An Droichead,<br>Dún Fionnachaidh | Naomh Micheál | 0-9 | Cloich Cheann Fhaola | 3-16 |
| 25/6/2022 | Páirc Naomh Fionán | Cloich Cheann Fhaola | 1-11 | Ard an Rátha | 0-11 |

## Craobh Sinsear B Dhún na nGall

| Dáta | Ionad | Foireann Baile | | Na Cuairteoirí | |
|---|---|---|---|---|---|
| 13/8/2022 | Páirc Thír Chonaill,<br>Baile Dhún na nGall | Na Ceithre Máistrí | 1-13 | Cloich Cheann Fhaola | 1-14 |
| 20/8/2022 | Páirc Naomh Fionán | Cloich Cheann Fhaola | 1-10 | Cill Chartha | 3-16 |
| 27/8/2022 | Páirc Uí Dhónaill | Naomh Adhamhnáin | 1-12 | Cloich Cheann Fhaola | 0-11 |
| 4/9/2022 | Páirc Naomh Fionán | Cloich Cheann Fhaola | 5-20 | Na Cealla Beaga | 0-3 |

## Cluiche Ceathrú Ceannais Craobh Sinsear B Dhún na nGall

| Dáta | Ionad | Foireann Baile | | Na Cuairteoirí | |
|---|---|---|---|---|---|
| 18/9/2022 | Páirc Uí Dhónaill | Naomh Adhamhnáin | 5-17 | Cloich Cheann Fhaola | 0-5 |

Bainistíocht: Gearóid Mac Uidhir, Máirtín Mac Uidhir Owenie Mac Pháidín, James Ó Colla

# Foireann Faoi 21

# CLG Chloich Cheann Fhaola



Bainistíocht: Caoimhín Ó Scanláin, Dónall Ó Cuireáin, John Paul Ó Gallachóir, Lee Ó Briain, Ciarán Mac Pháidín & Padaí Ó Cuireáin

## Craobh Faoi 21 B Dhún na nGall

| Dáta | Ionad | Foireann Baile | | Na Cuairteoirí | |
|---|---|---|---|---|---|
| **31/10/2022** | Páirc Taobhóige | Gleann Fhinne | 0-10 | Cloich Cheann Fhaola | 1-13 |
| **6/11/2022** | Páirc Naomh Fionán | Cloich Cheann Fhaola | 0-5 | Gleann tSúilí | 0-12 |
| **12/11/2022** | Páirc na nGael | Naomh Columba | 0-5 | Cloich Cheann Fhaola | 2-10 |

## Cluiche Ceathrú Ceannais Craobh Faoi 21 B Dhún na nGall

| Dáta | Ionad | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **3/12/2022** | Beart | Cloich Cheann Fhaola | 1-12 | Málainn | 4-4 |

# Bord na nÓg

Cathaoirleach: Caoimhín Ó Scanláin

Leaschathaoirleach: Richie Lavelle

Rúnaí: Eibhlín Uí Scanláin

Cisteoir: Ciarán Mac Gairbheith

O.C.P.: Conor Ó Gallachóir

**Bainisteoirí**

Faoi 5: Mark Ó Baoláin

Faoi 7: Seán Mac Uidhir

Faoi 9: Padaí Mac Laifeartaigh

Faoi 11: Christopher Smyth

Faoi 13: John Paul Ó Gallachóir

Faoi 15: Donnachadh Ó Baoighill

Faoi 17: Donnachadh Ó Dubhchóin

## Faoi 5

Thosaigh an fhoireann Faoi 5 ag traenáil ar 11 Feabhra. Bhí 33 seisiún traenála ina iomláine agus bhí sé imreoir déag ag traenáil achan seachtain ar an mheán i rith na bliana.

Ag deireadh mí Mhárta cheannaigh muid liathróidí peile le tacaíocht na dtuismitheoirí, trí liathróid is fiche san iomlán agus muid ag iarraidh ar na páistí liathróid a thabhairt abhaile le cleachtadh a dhéanamh sa bhaile.

D'eagraigh muid dráma i Meán Fómhair le tacaíocht ó Sheosamh Ó Ceallaigh agus Aisteoirí Chloich Cheann Fhaola don fhoireann Faoi 5 agus Faoi 7 agus muid ag iarraidh míniú do na páistí faoin dóigh a bhfuair Cloich Cheann Fhaola a ainm.

Bhí slua ollmhór i láthair idir pháistí agus tuismitheoirí agus bhain gach duine sult as cuimse as an ócáid go háirithe as an veain uachtar reoite. Tá muid buíoch fosta do Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola as a dtacaíocht.

Ar deireadh ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh liom i rith na bliana, Ciarán Ó Scanláin, Michael agus Joe Ó Frighil, Maire Mc Manus, John Paul Ó Gallachóir, Chris Smyth agus Mark Harley.

The Under 5s started training on the 11th of February and we had 33 training sessions in total and we had an average of 16 players every week.

At the end of March we ordered footballs for the kids, which the parents paid for, in total 23 balls were bought. The idea being each kid takes the ball to training but more importantly they take the ball home with them and hopefully keep practicing at home.

In September with the help of Joe Kelly, Mickey McHugh and the Cloughaneely Players a play was performed for the U5s and U7s, which we hoped would give an insight into how the Cloich Cheann Fhaola name came about and explain where our club crest came from. There was a big turnout on the evening of both kids and parents, which was nice to see. Think they all enjoyed the evening especially the ice cream van.

Big thanks to all involved, especially Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola who provided funding for the event.

Last but not least I would like to thank all the coaches throughout the year, Ciaran Scanlon, Michael and Joe Friel, Maire Mc Manus, John Paul Gallagher, Chris Smyth and Mark Harley.

*- Mark Ó Baolláin*

Ba mhaith liom buíochas a thabhairt do Joe Mac Pháidín, Ciarán Mac Pháidín, Máirtín MacUidhir, Shane Ó Brógáin, Damien Ó Colla, Seán Mac Murchadha agus Ann Ní hEarcáin as a gcuidiú i rith na bliana.

We had a large panel this year for the U7s and we played seven games in total, two each against our neighbours Naomh Micheál and



## Faoi 7

Bhí painéal mór againn don fhoireann Faoi 7 i mbliana. D'imir muid seacht gcluiche, dhá cheann in éadan ár gcomharsana Naomh Micheál agus Gaoth Dobhair, dhá cheann in éadan an Tearmainn agus ceann amháin in éadan na nDúnaibh.

Gaoth Dobhair, two against An Tearmann and one against Downings. I would like to thank Joe Mc Fadden, Ciaran Mc Fadden, Martin Maguire, Shane Brogan, Damien Coll, Shaun Mc Murrough and Ann Harkin for all their help throughout the year.

*- Seán Mac Uidhir*



## Faoi 9

Thosaigh an fhoireann Faoi 9 ag traenáil ag deireadh mí Eanáir. D'imir muid deich gcluiche and chuaigh muid go Ard an Rátha le haghaidh blitz. Bhí thar tríocha imreoir ag imirt linn i mbliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Mark Ó Baolláin, Richie Lavelle, Damien Ó Colla agus Vicki Ní Fhearraigh as a gcuidiú i rith na bliana.

The Under 9s started training at the end of January. We played 10 games and we went to Ard an Rátha to play a blitz. We had over 30 players tog out for the team during the year. I would like to thank Mark Boylan, Richie Lavelle, Damien Coll and Vicki Ferry for their help.

*- Padaí Mac Laifeartaigh*

## Faoi 11

Thosaigh an fhoireann Faoi 11 ag traenáil i mí Feabhra agus bhí oiread imreoirí againn go raibh muid ábalta dhá fhoireann a chur chun páirce. D'imir muid roinnt cluichí Go Games agus níor chaill muid ach cluiche amháin acu sin in éadan foireann láidir Naomh Adhamhnáin. D'imir muid i gcomórtas Joe Larry in Ard an Rátha agus d'éirigh leis an dá fhoireann fáil chomh fada leis na cluichí leathcheannais. D'imir muid cúig chluiche mar chuid de chomórtas Mháire an Chlochán Léith agus d'éirigh leis an dá fhoireann a gcuid cluichí ceannais a bhaint agus rinne siad amhlaidh i gcomórtas an Iarthuaiscirt níos moille sa bhliain ar an Tearmann.

Ba mhaith liom buíochas a thabhairt do Liam Mac Giolla Chomhaill, Aidan Ó Colla, Ryan Ó Cuinn, Peter Ó Ceallaigh agus JP Ó Gallachóir as a gcuidiú.

The Under 11s started training in February and had enough players to field two teams. We took part in Go Games and only lost one game against a strong Naomh Adhamhnáin side. We took part in the Joe Larry tournament in Ard an Rátha and both teams reached the semi final stages. We also took part in the Mary from Dungloe tournament and the North West tournament in an Tearmann and both teams won their respective finals in both tournaments. I'd like to thank Liam Coyle, Aidan Coll, Ryan Quinn, Peter Kelly and JP Gallagher for their help throughout the year.

*- Christopher Smyth*





## Faoi 13

Thosaigh an fhoireann Faoi 13 ag traenáil ag tús mí Feabhra. D'imir muid cúpla cluiche dúshláin in éadan foirne áitiúla roimh thús Sraith Roinn a 2.

Chríochnaigh muid sa tríú áit i ngrúpa le Naomh Micheál, Gaeil Leitir Ceanainn, Baile na nGallóglach agus Gleann Fhinne agus cháiligh muid do chluiche ceathrú ceannais in éadan Beart i mBeart. Bhí coimhlint mhaith ann idir na foirne ach bhí an lá le Beart sa deireadh.

I ndiaidh na sraithe, d'imir muid i Roinn a 3 den chraobh agus d'éirigh linn fáil chomh fada le cluiche ceannais na scéithe, áit ar imir muid Naomh Pádraig, Uisce Chaoin ar pháirc PCC agus chaill siad an cluiche thar a bheith teannta.

Tá mé buíoch daofa seo a leanas a chuidigh liom i mbliana, Adrian Houston, John Joe Mac Laifeartaigh agus Patsy Mac Giolla Chomhaill.

The Under 13s began training at the beginning of February in the PCC gym.

We played a number of challenge games against local teams in the build up to the start of the Division 2 League.

We finished third in a group with Naomh Micheál, Baile na nGallóglach, Gaeil Leitir Ceanainn and Gleann Fhinne which qualified us for a quarter final v Beart in Hibernian Park. Burt ran out eventual winners but not before a battling display from Cloich Cheann Fhaola.

Following league placings we played in Division 3 of the championship.

We reached the shield final v Naomh Pádraig, Uisce Chaoin at PCC pitch but lost out by the narrowest of margins.

Helpers for the year were Adrian Houston, John Joe McClafferty and Patsy Coyle.

BATCH
COFFEE HOUSE
BAR & KITCHEN

## Faoi 15

Ghlac mise ceannas ar an fhoireann seo i ndiaidh do John Joe Mac Íomhair seasamh siar i ndiaidh blianta fada a chaitheadh leis an fhoireann seo.Bhí 28 seisiún traenála againn, d'imir muid i bhFéile na nÓg, i gComórtas Peile na Gaeltachta, i Roinn a 2 de Shraith an Tuaiscirt agus i Roinn a 2 de Shraith agus Craobh an Chontae.

### Féile na nÓg - Roinn a 2

D'imir muid cúig chluiche san iomlán, ag cailleadh in éadan Naomh Pádraig, Uisce Chaoin agus ag baint in éadan Aodh Ruadh, Béal Átha Seanaidh agus Málainn. Bhuail muid An Tearmann sa chluiche leathcheannais agus bhuail Naomh Pádraig, Uisce Chaoin muid sa chluiche ceannais, scór deiridh, 2-5 - 2-3.

### Comórtas Peile na Gaeltachta

Bhuail muid Gleann tSúilí sa chluiche ceathrú ceannais, 6-7 - 4-9 agus ansin chaill muid in éadan Gaoth Dobhair sa chluiche leathcheannais, 2-8 - 4-5. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Johnny Ó Ceallaigh as a chuidiú.

### Sraith an Tuaiscirt - Roinn a 2

Bhí buanna againn ar Ghaeil Fhánada, ar Ghaeil Leitir Ceanainn agus ar Bhaile na nGallóglach. D'éirigh linn an bua a fháil ar Ghaeil Leitir Ceanainn sa chluiche ceannais, 5-18 - 3-7.

### Sraith an Chontae - Roinn a 2

Fuair muid an bua ar Naomh Conaill 9-13 - 2-15 sa chluiche ceathrú ceannais agus d'éirigh linn an bua a fháil ar Naomh Pádraig, Uisce Chaoin sa chluiche leathcheannais i mBeart, 3-6 - 1-7. Imríodh an cluiche ceannais in Ionad CLG Dhún na nGall in éadan Aodh Ruadh, Béal Átha Seanaidh agus d'éirigh linn an tsraith a bhaint an lá sin, 5-13 - 1-9.

### Craobh an Chontae - Roinn a 2

Bhí muid i ngrúpa leis An Tearmann, Aodh Ruadh, Béal Átha Seanaidh agus Naomh Conaill. Bhí an bua againn ar an Tearmann ar shiúl as baile agus ar Naomh Conaill sa bhaile agus bhuail Aodh Ruadh, Béal Átha Seanaidh muid sa bhaile. Cháiligh muid do chluiche leathcheannais in éadan Ghleann tSúilí agus bhain muid sin, 6-4 - 2-12, rud a d'fhág muid sa chluiche ceannais in éadan Naomh Bríd/Paiteagó agus bhí an bua againn an lá sin chomh maith , 2-16 - 1-7. Ba mhaith liom buíochas a thabhairt do Bhord na nÓg agus na tuismitheoirí/caomhnóirí as a dtacaíocht agus na daoine sin a rinne urraíocht ar bhéilte don fhoireann i ndiaidh na cluichí ceannais. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le m'fhoireann bainistíochta, Mark Harley, John Joe Mac Íomhair, Patsy Mac Giolla Chomhaill agus Joe Casey. Buíochas fosta d'Amy Ní hEarcáin as a cuid oibre linn i rith na bliana agus ar deireadh ba mhaith liom buíochas a thabhairt do na himreoirí as a gcomhoibriú agus an obair uilig i gcaitheamh na bliana.

I took over from John Joe Mc Geever after he had stepped away after a long number of years with this group. We had 28 training sessions in total and played in Féile na nÓg, Comórtas Peile na Gaeltachta, the Divison 2 Northern League, the Division 2 All County Legaue and the All County Division 2 Championship.

## Féile na nÓg - Division 2

We played five games in total, losing to Naomh Pádraig, Uisce Chaoin and winning against Aodh Ruadh, Béal Átha Seanaidh and Málainn. We beat An Tearmann in the semi final and lost to Naomh Pádraig, Uisce Chaoin in the final, 2-5 - 2-3.

## Comórtas Peile na Gaeltachta

Bhuail muid Gleann tSúilí sa chluiche ceathrú ceannais, 6-7 - 4-9 agus ansin chaill muid in éadan Gaoth Dobhair sa chluiche leathcheannais, 2-8 - 4-5. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Johnny Ó Ceallaigh as a chuidiú.

## Northern League - Division 2

We had wins against Gaeil Fhánada, Gaeil Leitir Ceanainn and Baile na nGallóglach. We beat Gaeil Leitir Ceanainn in the final, 5-18 - 3-7.

## All County League - Division 2

We beat Naomh Conaill 9-13 - 2-15 in the quarter final and then Naomh Pádraig, Uisce Chaoin in the semi final in Burt, 3-6 - 1-7. The final was then played in the Donegal GAA Centre against Aodh Ruadh, Béal Átha Seanaidh and came out on top on the day to win the league, 5-13 - 1-9.

## All County Championship - Division 2

We were in a group with An Tearmann, Aodh Ruadh, Béal Átha Seanaidh and Naomh Conaill. We had wins against An Tearmann away and Naomh Conaill at home and Aodh Ruadh, Béal Átha Seanaidh defeated us at home. We qualified for the semi final against Gleann tSúilí and we won that, 6-4 - 2-12, that left us in the final against Naomh Bríd/ Paiteagó and we were successful on the day winning 2-16 - 1-7.

I would like to thank Bord na nÓg and the parents/guardians for their support throughout the year and those who sponsored meals for the team after the finals. I would like to thank my management team of Mark Harley, John Joe Mac Geever, Patsy Coyle and Joe Casey. A special thanks also to Amy Harkin for all her work with the team throughout the year and finally I'd like to thank the players for their dedication and work throughout the year.

*- Donnachadh Ó Baoighill*



## Faoi 17

Bhí muid ag traenáil ó Feabhra go Deireadh Fómhair agus bhí 55 seisiún traenála againn san iomlán. D'imir muid i Roinn a 1 de Shraith an Tuaiscirt. Chaill muid in éadan Naomh Adhamhnáin, Seán Mac Cumhaill agus Gleann tSúilí agus bhuail muid An Tearmann.D'imir muid i Roinn a 2 de Chraobh an Chontae ansin agus bhí buanna againn ar an Chlochán Liath, Bun Dobhráin, Naomh Náille, Gleann Fhinne, Naomh Columba, Gaeil Fhánada agus Gaeil Leitir Ceanainn. Chaill muid in éadan Carn Domhnach agus Gleann Fhinne agus ansin chaill muid sa chluiche ceathrú ceannais in éadan Naomh Pádraig, Uisce Chaoin i gConmhaigh. Ba mhaith liom buíochas a thabhairt do Murt Collins, Darragh Geaney agus Chris Ó Canainn as a gcuidiú i gcaitheamh na bliana.

We trained from February to October and we had 55 training sessions in total. We played in Division 1 of the Northern League. We were defeated by Naomh Adhamhnáin, Seán Mac Cumhaill, and Gleann tSúilí and we beat An Tearmann. We played in Division 2 of the All County Championship then and had wins over An Clochán Liath, Bun Dobhráin, Naomh Náille, Gleann Fhinne, Naomh Columba, Gaeil Fhánada agus Gaeil Leitir Ceanainn. We lost to Carn Domhnach and Gleann Fhinne and we were defeated in the County Quarter Final in Convoy by Naomh Pádraig, Uisce Chaoin. I would like to thank Murt Collins, Darragh Geaney and Chris Cannon for all their help throughout the year.

*- Donnchadh Ó Dubhchóin*



## Focal ó Chathaoirleach Bhord na nÓg

Ar an chéad dul síos ba mhaith liom buíochas a thabhairt do bhainisteoirí agus oifigigh Bhord na nÓg as a gcuid oibre agus tacaíochta uilig i gcaitheamh na bliana. Táim fíorbhuíoch do gach duine a chuidigh leis na foirne éagsúla i rith na bliana agus na tuismitheoirí uilig as a dtacaíocht agus as a gcomhoibriú. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an choiste feidhmiúcháin fosta as a dtacaíocht.Tá muid iontach buíoch do gach duine a thacaigh linn agus muid ag cruinniú airgid do Bhord na nÓg ó thús na bliana, idir Guess the Score, An Bricfeasta Mór, na féilirí agus na hataí atá ar díol againn le cois an 5K a bhí againn le gairid. Ar ndóigh bíonn go leor oibrithe deonacha de dhíth leis na himeachtaí seo a reáchtáil agus tá muid buíoch daofa uilig le cois na gnólachtaí áitiúla uilig as a dtacaíocht leanúnach.

Firstly I'd like to thank the managers and officers of Bord na nÓg for all their work and support throughout the year. I'm very grateful to all the helpers who were involved with various teams and all the parents for their support and cooperation. I would also like to take this opportunity to thank the senior board for their support also.We are very grateful to everyone who supported our fundraisers throughout the year, Guess the Score, The Big Breakfast, the calendars and hats that we have for sale and the 5K we held recently also. Fundraisers cannot be held without the help of many volunteers and we're very grateful to anyone who helped in anyway throughout the year and also to the local businesses for their continued support.

*- Caoimhín Ó Scanláin*

# Cluiche Ceannais Craobh Shinsir Peile Ban Dhún na nGall 1992

## CLOUGHANEELY

**MARY FERRY:** 15. Goalkeeper. Student. Interests: Football.
**KATHLEEN FERRY:** 16. Corner back. Student. Interests: Music.
**EILEEN McGINLEY:** 17. Full-back. Student. Interests: Gaelic football and soccer.
**MARY B. McGEE:** 18. Left corner back. Student. Interests: Gaelic football.
**ANNETTE McCAUSLAND:** Wing half back. Student. Interests: Music.
**BARBARA McGEE:** Centre half back. Secretary. Interests: Basketball and Football.
**SHARON McGEE:** 17. Left half back. Student. Interests: T.V.
**MARGARET McGEE:** 16. Midfield. Student. Interests: Soccer and Gaelic football. Member of U-16 and Minor County teams '92.
**CATHERINE McGINLEY:** 20. Midfield. Student. Interests: All sport.
**AGIE CURRAN:** Wing forward. Factory worker. Interests: Football and jogging.
**CATHERINE McGINLEY:** Centre half forward. Factory worker. Interests: Basketball, cycling, football.
**MARY GILLESPIE:** Wing forward. Teacher. Interests: Football, soccer, basketball.
**SUSAN LYNCH:** 14. Right corner forward. Student. Interests: Gaelic football, soccer, rugby, tennis.
**ROSANNE McGEE:** 17. Full forward. Student. Interests: Football, cycling.
**FRANCES McGEEVER:** Left corner forward. Teacher. Interests: Basketball, music, football.
**KATHLEEN McGEE:** Forward. Housewife. Interests: Football.
**CAROLINE SHARKEY:** Forward. Lab Technician. Interests: Cycling and football.
**SHARON McCABE:** 18. Defender. Student. Interests: Music, football.
**GRÁINNE FERRY:** 15. Defender. Student. Interests: Music, football.
**YVONNE McCARRY:** 17. Forward. Student. Interests: Music, basketball.
**PATRICIA BONAR:** 15. Defender. Student. Interests: Football, model.
**JULIE-ANNE CAMPBELL:** 16. Forward. Student. Interests: Music, football.
**SALLY GALLAGHER:** 14. Forward. Student. Interests: Football, rugby, basketball.
**PATRICIA HUNTER:** Defender. Public Attendant. Interests: Socialising.

Cothrom na bliana seo tríocha bliain ó shin imríodh an chéad cluiche ceannais riamh sa chomórtas seo ar 4 Deireadh Fómhair 1992 idir Naomh Adhamhnáin agus muid féin, Cloich Cheann Fhaola ar Pháirc Thír Chonaill i mBaile Dhún na nGall. Cé nár éirigh linn an bua a fháil ar mhná Leitir Ceanainn, ag amharc siar anois is deas an rud a bheith mar chuid de stair pheil na mban sa chontae. Seo cúpla giota ó nuachtáin na linne.

30 years ago, on the 4th of October the first Donegal Ladies Senior Championship Final was played in Tirconaill Park in Donegal Town between St Eunans and ourselves, Cloich Cheann Fhaola. Although we weren't successful on the day, it was a great achievement to get to the final that year and be a part of the history of the Donegal Ladies Football Championship. Here are a few pieces from the newspapers in 1992.



*Cloughaneely ladies who were defeated in the first ever ladies senior championship football final.*

M&N
Civil Engineering Ltd

# Bord na mBan

Cathaoirleach: John Paul Ó Gallachóir

Leaschathaoirleach: Seosamh Ó Frighil

Rúnaí: Denise Ní Laoire Uí Cheallaigh

Cisteoir: Ciarán Mac Gairbheith

O.C.P.: Conor Ó Gallachóir

**Bainisteoirí**

Faoi 8: Christopher Smyth

Faoi 10: John Paul Ó Gallachóir

Faoi 12: Seosamh Ó Frighil

Faoi 13: Seosamh Ó Frighil

Faoi 14: Michael Mac Pháidín

## Faoi 8 & Faoi 10

Níor cláraíodh na foirne seo i gcomórtais oifigiúla i mbliana mar go raibh siad go díreach ag dul i dtaithí ar an pheil Ghaelach ach sin ráite tháinig feabhas mór orthu mar imreoirí agus is iontach an rud é.

D’imir siad cluichí dúshláin i rith an tsamhraidh in éadan An Clochán Liath, Naomh Micheál agus Gaoth Dobhair. Imríodh peil den scoth agus tá todhchaí iontach amach romhainn.

Ba mhaith linn buíochas a thabhairt do Helen Ní Ghallachóir, Saoirse Ní Fhearraigh agus Denise Ní Laoire Uí Cheallaigh as a gcuidiú i rith na bliana.

We did not register these teams in competition this year as they were only new to the sport but saying that the have improved immensely it is great to see this.

They played friendlies throughout the summer with An Clochán Liath, Naomh Micheál agus Gaoth Dobhair. Some great football was played and the future of football is looking bright.

A massive thank you to Helen Gallagher, Saoirse Ferry and Denise Ní Laoire Uí Cheallaigh for all their help.

*- John Paul Ó Gallachóir*

*- Christopher Smyth*


Centra
O'Buaidhe
ÓSTÁN
LOCH ALTAN
M&N
O'NEILLS


Centra
O'Buaidhe
M&N

## Faoi 12 & Faoi 13

Tháinig muid le chéile mar ghrúpa i samhradh na bliana 2021 agus tá muid ag traenáil dhá uair sa tseachtain ó shin. Ba é 2022 an chéad uair gur ghlac muid páirt i gcomórtas faoi aois le cúpla bliain.

Chuir an fhoireann Faoi 13 tús leis an bhliain sa tSraith agus bhí feachtas maith sraithe acu. Chaill muid in éadan Gaeil Fhánada/Baile na nGallóglach agus An Tearmann agus bhí buanna againn ar Ghleann tSúilí, Naomh Ultan agus ár gcomharsana, Gaoth Dobhair. Cháiligh muid do chluiche ceathrú ceannais an chontae in éadan Naomh Adhamhnáin ach faraor bhí siad róláidir dúinn ar an lá.

Chuir an fhoireann Faoi 12 tús leis an tsraith le cailliúint in éadan Gleann Fhinne ach bhí buanna acu ansin ar Naomh Náille, Naomh Ultan, Naomh Muire, Conmhaigh agus Aodh Rua, Cúl na gCurraidín sa bhaile agus ar Ghleann Fhinne, Naomh Muire, Conmhaigh agus Aodh Rua, Cúl na gCurraidín as baile. Chríochnaigh na cluichí in éadan Naomh Náille agus Naomh Ultan as baile ar chomhscór.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh buíochas a thabhairt dár n-urraitheoirí M&N agus fosta do Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola as a dtacaíocht agus John McDermott agus ProAmpac as a síntiús flaithiúil. Buíochas fosta do Michael Mac Pháidín, Michelle Mhic Giolla Chomhaill, Sara Ní Chanainn, Eimear Nic Giolla Chomhaill agus Denise Ní Laoire Uí Cheallaigh as a gcuidiú

We got together as a group in the summer of 2021. We have trained continuously twice a week since then. 2022 was our first year to compete at under age level for quite some time.

Our U13s started off the year in the league and gave a very good account of themselves. We were defeated by Gaeil Fhánada/Baile na nGallóglach and An Tearmann with victories over Gleann tSúilí, Naomh Ultan and our neighbours Gaoth Dobhair. At the end of the year we qualified for the county quarter final against Naomh Adhamhnáin. Unfortunately they were too strong for us on the day.

Our U12s started off the league with a home defeat to Gleann Fhinne. Victory at home to Naomh Náille , Naomh Ultan , Naomh Muire, Conmhaigh and Aodh Rua, Cúl na gCurraidín. Away we drew with Naomh Náille and Naomh Ultan with away victories to Gleann Fhinne, Naomh Muire, Conmhaigh and Aodh Rua, Cúl na gCurraidín.

I would like to take this opportunity to thank our sponsors M&N and also Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola for their sponsorship of bags for the girls and also ProAmpac and John Mc Dermott for their kind donation it was all really appreciated. I'd also like to thank the coaches and helpers throughout the year, Michael Mc Fadden, Michelle Coyle, Sara Cannon, Eimear Coyle and Denise Ní Laoire Uí Cheallaigh.

*- Seosamh Ó Frighil*




## Focal ó Chathaoirleach Bhord na mBan

Is iontach an rud é go bhfuil Bord na mBan ar ais arís agus deis anois ag girseachaí an pharóiste traenáil agus imirt le chéile. Tá foirne againn ó Faoi 8 suas go dtí Faoi 14, rud atá iontach agus ba mhaith liom buíochas a thabhairt do na bainisteoirí agus na cuiditheoirí uilig a d'eagraigh traenáil agus cluichí i rith na bliana. Táim buíoch fosta d'oifigigh Bhord na mBan as a gcuid oibre agus tacaíochta go háirithe agus muid ag reáchtáil an dá dioscó. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh buíochas a thabhairt dár n-urraitheoirí M&N agus fosta do Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola as a dtacaíocht agus John McDermott agus ProAmpac as a síntiús fhlaithiúil. Ar deireadh, sílim gur iontach an rud é peil na mban a bheith ar ais sa pharóiste agus guím gur fada buan é.

As I'm sure you will agree, it has been a great boost to the parish to have ladies football back in Cloich Cheann Fhaola. It is an opportunity for girls in the parish to train, play and make friends together and we have U8 - U14 teams up and running which is brilliant.Many thanks to the managers and helpers for all the age groups who have organised training and games throughout the year. It is very much appreciated. I'd also like to thank the ladies board officers who have helped throughout the year with organising fundraising events such as the discos. I would like to take this opportunity to thank our sponsors M&N and also Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola for their sponsorship of bags for the girls and also ProAmpac and John Mc Dermott for their kind donation it was all really appreciated.To finish,  I think it is a great achievement for the club that ladies football is back up and running again in the parish and hope we develop further in 2023

*- John Paul Ó Gallachóir*

# Sraith Sóisir Dhún na nGall

# 1971/1972



Thosaigh an tsraith ag deireadh mí na Samhna 1971 agus bhí Cloich Cheann Fhaola sa roinn céanna le Naomh Micheál, Gaoth Dobhair, An Tearmann, Conmhaigh , Caisleán Na Finne agus Naomh Maitiú *[ Fir custaim a bhí lonnaithe fán teorann]*.

I ndiaidh achan fhoireann eile a imirt faoi dhó, chríochnaigh foireann CCF ar bharr an tábla agus an Tearmann sa dara áit. Sna cluichí leathcheannais i mí Aibreán, bhí an bua ag Cloich Cheann Fhaola ar Phaiteagó leis an scór 2.17 – 1.2 agus bhí lámh an uachtar ag An Tearmann ar Iorras.

Foireann Chloich Cheann Fhaola sa chluiche leathcheannais:-; Seamas Ó Fíoruisce**,** Seosamh Ó Ceallaigh, Dónal Ó Gallachóir, Antoin Penrose, Aodh Ó Dubhchóin, Eamonn Mac Fhionnghaile, Fonsaí Ó Dubhchóin, Brian Ó Canainn, Liam Mac Grianna, Séamus Ó Coilm, Eoghan Mac Giolla Chomhaill, Seosamh Ó Cuireáin, Seosamh Mac Eachmharcaigh, Aodh Mac Giolla Bhríde, Seán Mac Suibhne. **Fir ionaid a d'imir**- Aodh Ó Straighin, Séamus Comer, Seosamh Ó Dúgáin.

D'imir Cloich Cheann Fhaola, an Tearmann sa chluiche ceannais i bPáirc Mhic Cumhaill ar an 9ú Iúil 1972 ag a sé a chlog tráthnóna mar go raibh Dún na nGall ag imirt Tír Eoghan i gcraobh sóisir Uladh i bPáirc Uí Dhónaill níos luaithe sa lá. Bhain Cloich Cheann Fhaola leis an scór 2.8 in aghaidh 1.9 agus an chéad comórtas condae do dhaoine fásta bainte ag an chlub ó bhí an bua dúbailte acu [Craobh & Sraith] sna blianta 1959/60

An fhoireann a fuair an bua ar An Tearmann sa chluiche ceannais:-. Séamas Ó Fíoruisce, Aodh Ó Dubhchóin, Aodh Ó Straighin, Dónal Ó Gallachóir, Seosamh Ó Frighil, Eamonn Mac Fhionnghaile,, Fonsaí Ó Dubhchóin, Brian Ó Canainn agus Eoghan Mac Giolla Chomhaill, Séamus Comer, Aodh Mac Giolla Bhríde, Pádraig Mac Fhionghaile, Seosamh Ó Dúgáin, Niall Loakman, Séamus Ó Coilm.

Thosaigh cúig imreoir sa chluiche ceannais nár imir sa chluiche leathcheannais, Hugh Strain, Joe Friel, Seamus Comer, Patrick McGinley, Niall Loakman in áit Seosamh Kelly, Antoin Penrose, Billy Greene, Joe Curran, Joe McCafferty ach ar dhóígh bhí sin coitianta go leor de bharr taistil, imirce , gortú etc. Leoga, cha dtig a bheith cinnte cé mhéad imreoir uilig a d'imir do Chloich Cheann Fhaola sa tsraith

Ba é Eddie McGinley a bhí mar chaptaen ar fhoireann CCF agus ba air a bhronn Cathaoirleach Bhord na Condae, Tomas Breathnach an corn. Chuir slua fáilte roimh an fhoireann nuair a shroich siad na Croisbhealaigh agus i ndiaidh camchúirt thart ar an pharóiste, bhí ceiliúradh go maidín sa Heather Bar, teach leanna John agus Mary Uí Bhaoill.

*- Danny Rua Ó Gallachóir*

## Cloughaneely win Junior Football League

CLOUGHANEELY ... 2-8;
TERMON .................. 1-9

**Cloughaneely were in fine form at the Sean McCool Park, Ballybofey on Sunday when they won the 1971 junior football league with a 2-8 to 1-9 win over a fine Termon side who missed some good scoring chances that could have ensured them of another day in action for the honours.**

With time running out and Cloghaneely only with a one-point advantage. Termon mounted terrific pressure but four times in succession the ball was driven wide. When Cloghaneely broke out of defence with time almost up they added a point from a close free. It was a very exciting game with the scores remaining very close throughout. Termon held a narrow lead throughout the first half, which ended in their favour on a score of 0-6 to 0-4. Cloghaneely edged into a one-point lead by the fifth minute of the second half, but Termon succeeded in reversing the situation and then conceded a vital goal. The forward sectors on both sides were the better, but when the crunch came the Cloghaneely defenders put up a stubborn resistance against a fierce onslaught.

Termon opened with two points, scored by Charlie McFadden and James McDaid. Brian Cannon replied with a point from a free. Jim McGlynn stretched Termon's lead by a point and Jimmy McDaid followed suit. Brian Cannon and Neil Loakman each pointed for Cloghaneely. John McCafferty converted two frees into points for Termon, and Patrick McGinley had the last point of the half for Cloghaneely.

A 14 yards free by Brian Cannon after the interval reduced Cloghaneely's arrears to a single point, but Charlie McFadden pointed for Termon three minutes later. The lead swung to Cloghaneely when Owenie Coyle slipped through the defence and put Patrick McGinley in possession to slot the ball past the outcoming Termon keeper. Seamus Commer followed with a point for Cloghaneely, but Termon nosed in front again when Charlie McFadden sent a rasper which came off the keeper and ended in the net. Owenie Coyle and Seamus Commer missed openings for Cloghaneely, but Patrick McGinley had better luck when he clinched a Joe Doogan cross that came off the bar with a punch to the net. Cloghaneely were now leading by two points and Termon never got on terms after this. Charlie McFadden did pull back one point for them but this was cancelled out with a Brian Cannon 14 yards free. Paddy Brogan narrowed the gap with a Termon point and Termon surged forward in an all-out bid to pull the game out of the fire, but their marksmanship, under stiff resistance was faulty and Chas. McFadden and Paddy Brogan both sent wide twice. Cloghaneely eventually freed themselves from the stranglehold to mount a last-minute attack which was only halted by a foul on Owenie Coyle and Brian Cannon had no difficulty in tapping over from the 14 yards free.

The teams were:

CLOGHANEELY — Seamus Whoriskey; Hugh Doohan, Hugh Strain, Danny Gallagher; Joe Friel, Eddie McGinley, Altie Doohan; Brian Cannon, Owenie Coyle; Seamus Commer, Hugh McBride, Patrick McGinley; Joe Doogan, Neil Loakman, Seamus Collum.

TERMON—Bernard McLaughlin; John McGinley, Christy McCafferty, Andy Moy; Peadar Toner, Joe Kelly, Danny McFadden; Seamus McGlynn, Jas. Trearty; Charlie McFadden, Colm McFadden, John McCafferty (capt.); Hugh McDaid, Paddy Brogan, James McDaid. Subs., Bernard Brady for C. McCafferty; Sean Boyle for D. McFadden.

Referee: Danny Harkin (Convoy).

The cup was presented to the winning team's captain, Eddie McGinley by Mr. Tom Walsh, County Board chairman at the end of the game.

**Painéal 1971**

Brian Ó Baoill, Maurice Mac Giolla Chomhaill, Seamus Ó Curráin, Joe Ó Curráin, Noel Ó Dubhgáin, Seamus Ó Dubhgáin, Hugh Ó Fearraigh, Cathal Mac Grianna, Billy Mac Grianna, Alfie Mac Grianna, Paddy Mac Giolla Bhríde, Joe Mac Eamharcaigh, Charlie Mac Eamharcaigh, Aodh Mac Créadaigh, Seosamh Ó Ceallaigh, Mylie Mac Pháidín, Doddy Mac Aoidh, Conor Mac Aoidh, Pat Mac Aoidh, Kieran Mac Aoidh, Paddy Mac Meanman, Antoin Penrose, Seán Mac Suibhne, Cathal Mac Suibhne, Peter Mac Suibhne, Gearóid Ó Fuaruisce.



# Cúrsaí Cultúrtha & Teanga

**Comórtas Peile na Gaeltachta 2022**

Rinneadh an tarraingt do Chomórtas Peile na Gaeltachta ar an 27 Eanáir 2022 beo ar Bharrscéalta ar RTÉ Raidió na Gaeltachta agus b'iad na Na Dúnaibh a fuair na sinsir agus fuair na sóisir Naomh Columba sa tarraingt. Imríodh an cluiche sóisir in éadan Naomh Columba ar an 27 Feabhra ar pháirc PCC agus d'éirigh leo an cluiche sin a bhaint, scór deiridh 3-10 go dtí 2-11. Thug siad aghaidh ansin ar Naomh Conaill ar an Satharn 11 Márta ar pháirc PCC arís agus d'éirigh leo an cluiche sin a bhaint, 2-13 go dtí 1-7. D'imir siad ansin sa chluiche leathcheannais ar an 1 Bealtaine i bhFánaid in éadan Naomh Muire, Íochtar na Rosann ach ar an drochuair chaill siad, 0-8 go dtí 3-11. D'imir na sinsir a gcluiche in éadan Na Dúnaibh ar an 5 Márta ar Pháirc na nDúnaibh agus ar an drochuair chaill siad le ceithre phointe, an scór deiridh 1-6 go dtí 0-13. D'imir an fhoireann Faoi 15, Gleann tSúilí sa chluiche ceathrú ceannais, ag baint 6-7 go dtí 4-9 agus ansin chaill siad an cluiche leathcheannais in éadan Gaoth Dobhair, 2-8 go dtí 4-5. Rinne Shauna Ní Ghallachóir ionadaíochta dúinn i gComórtas an Chailín Ghaelaigh i mbliana agus d'éirigh léi Comórtas Thír Chonaill a bhaint agus rinne sí ionadaíochta ansin do Thír Chonaill ag an Chomórtas Náisiúnta i Leitir Móir agus cé nach raibh an lá léi, thug sí taispeántas iontach ar an oíche agus tá muid fíorbhuíoch di as ionadaíocht a dhéanamh dúinn sa chomórtas.

**Ceardlann faoi Chóitseáil trí Ghaeilge**

D'eagraigh muid ceardlann do bhainisteoirí agus cóitseálaithe an chlub ar an 4 Márta 2022 leis an iar-pheileadóir agus captaen ar Dhún nan Gall, Finín Mac a'Bhaird i gcomhair le Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola agus rinne sé cur i láthair ar théarmaí Gaeilge a d'fhéadfaí úsáid le linn traenála nó le linn cluiche. D'fhreastail cúig dhuine dhéag ar an cheardlann agus tá muid fíorbhuíoch daofa agus tá muid buíoch fosta d'Fhinín agus do Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola as a dtacaíocht.

**Comórtas Póstaer do Sheachtain na Gaeilge**

D'eagraigh muid comórtas póstaer arís i mbliana do dhaltaí bunscoile agus meánscoile an pharóiste agus tá muid buíoch d'Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha as a dtacaíocht leis an togra seo le cois na scoileanna uilig as a gcomhoibriú. Bhí trí chatagóir ann, agus bronnadh dhá dhuais i ngach catagóir.

**Campa Samhraidh Muintearas**

Bhí an campa seo trí Ghaeilge ar siúl idir an 27 Meitheamh – 1 Iúil i mbliana agus bhí an campa lán go béal. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le hEibhlín Uí Scanláin agus Ciarán Mac Gairbheith as a gcuid oibre leis an champa a eagrú agus le Shaun Ó Cuireáin agus a fhoireann a bhí i mbun an champa ar feadh na seachtaine. Tá muid

buíoch fosta daofa seo a leanas as a dtacaíocht, Muintearas, Údarás na Gaeltachta, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíne, Gaeltachta, Spóirt agus na Meáin agus Comhar Creidmheasa Ghaoth Dobhair.

**Ranganna Comhrá Gaeilge**

D'eagraigh muid ranganna comhrá Gaeilge le linn do na campaí samhraidh éagsúla a bheith ar siúl le deis a thabhairt do thuismitheoirí feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge agus rinneadh freastal mhaith ar na ranganna agus tá muid buíoch do Chaitlín Ní Bhroin as na ranganna a theagasc agus do Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola as a dtacaíocht.

**Scór Sinsir**

Ghlac muid páirt san Amhránaíocht Aonair agus sa Tráth na gCeist i Scór Sinsir ach níor éirigh linn dul fríd sna comórtais. Gabhann muid ár mbuíochas le Padaí Mac Laifeartaigh, Dónall Ó Gallchóir agus Joe Casey as ionadaíochta a dhéanamh ar an chlub sa chomórtas.

**Scéim Cóitseála CLG Chloich Cheann Fhaola**

Bunaíodh an scéim seo ag tús na bliana le cuidiú le páistí bunscoile an pharóiste feabhas a chur ar a gcuid scileanna peile agus é uilig a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Mhair an scéim ar feadh deich seachtain faoi stiúir an chóitseálaí Seán Ó Cuireáin agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Seán as a saothar. Ba é Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola a chur maoiniú ar fáil don scéim agus tá muid fíorbhuíoch daofa. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl daofa seo a leanas as a gcomhoibriú agus muid i mbun na scéime, Ciarán Mac Gairbheith, príomhoidí na scoileanna uilig, Denis Ó Baoighill, Caoimhín Ó Scanláin agus Denise Ní Laoire Uí Cheallaigh.

**Oíche Drámaíochta faoi Chloich Cheann Fhaola**

D'eagraigh Marc Ó Baolláin oíche drámaíochta d'fhoirne faoi aois an chumainn ag Cloch Cheann Fhaola le léiriú do na páistí mar a fuair Cloich Cheann Fhaola a ainm agus tá moladh mór tuillte ag Aisteoirí Chloich Cheann Fhaola a chur an drama i láthair agus gach duine eile a bhí bainteach leis an ócáid agus tá muid buíoch do Phleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola as a dtacaíocht.

**Fochoiste Gaeilge**

Gabhann muid ár mbuíochas leo seo a leanas a shuí ar an choiste agus a thug tacaíocht agus cuidiú dom : Eibhlín Uí Scanláin, Carmel Uí Bhaoghill, John Joe Mac Íomhair agus Padaí Mac Laifeartaigh agus Shaun Ó Cuireáin.

# Blúiríní Nuachta ó 2022

## Imreoirí Condae / County Players

B'ábhar bróid a bhí ann dúinn go raibh imreoirí ón chlub páirteach i bhfoirne condae le bliain anuas idir foirne faoi aois agus foirne na ndaoine fásta agus gabhaimid buíochas leo seo a leanas as ionadaíocht a dhéanamh don chlub ar na foirne seo, Jason Mac Aoidh ar an fhoireann sinsear, Aoife Ní Dhubhchóin ar fhoireann mhionúr na mban, Conor Mac Giolla Chomhaill ar an fhoireann Faoi 20 agus tréaslaíonn muid leo as Corn Leo Uí Mhurchú a bhaint, Pádraig Mac Giolla Chomhaill agus Lorcan Mac Aoidh ar an fhoireann Faoi 17 agus d'imir Lorcan don fhoireann Faoi 16 nuair a chríochnaigh a shéasúr leis an fhoireann Faoi 17, Donnachadh Ó Baoighill a bhí ar an fhoireann Faoi 15, Shaun Ó Baoid agus Jack Ó Gallachóir a bhí ar an fhoireann Faoi 14, Hannah Ní Fhrighill agus Elianne Nic Pháidín ar an fhoireann Faoi 13 agus ní fhéadfadh gan na seanfhondúirí, Paddy Joe Ó Dubhchóin agus Cathal Ó Gallachóir a lua a bhí ar fhoireann máistirí Dhún na nGall a bhain an Sciath Uile Éireann.

We are very proud of all those who represented our club on county teams, between underage and adult teams and we would like to thank the following for representing the club at this level, Jason Mc Gee on the senior team, Aoife Doohan on the minor ladies team, Conor Coyle on the U20 team and we congratulate them on winning the Leo Murphy Cup, Pádraig Coyle and Lorcan Mc Gee on the U17 team and Lorcan also played with the U16 team when his season with the U17 team finished, Donnachadh Ó Baoighill on the U15 team, Shaun Boyd and Jack Gallagher on the U14 team, Hannah Ní Fhrighill and Elianne Mc Fadden on the U13 ladies team and we couldn't forget Paddy Joe Doohan and Cathal Gallagher on the Donegal Masters team that won the All Ireland Shield.

## Spórt Iris TG4

Tugadh cuireadh dúinn páirt a ghlacadh sa chomórtas 'Tóg do Phointe' don chlár CLG Spórt Iris ar TG4 agus ba mhaith linn buíochas a thabhairt daofa seo a leanas a ghlac páirt, Aislinn Ní Cholla, Michael McHugh, Shaun Ó Cuireáin, Fionn Mac Fhionnghaile, Andrea Cox, Noel Mac Suibhne, Shauna Ní Ghallachóir, Róisín Ní Ghallachóir, Caoimhín Ó Scanláin agus an lucht tacaíochta a d'fhreastail ar an scannánaíocht. Tá muid buíoch fosta do léiritheoir an chlár, Rebecca Ní Dhonnaile a thug cuireadh dúinn a bheith páirteach sa chlár.

We were invited to take part in the 'Tóg do Phointe' competition as part of the GAA programme on TG4, Spórt Iris and we'd like to thank the following who took part, Aislinn Ní Cholla, Michael Mc Hugh, Fionn Mc Ginley, Andrea Cox, Noel Sweeney, Shauna Gallagher, Róisín Gallagher, Kevin Scanlon and the supporters who attended the filming. We'd also like to thank the programme's producer, Rebecca Ní Dhonnaile for inviting us to take part in the show.